AN ROINN
OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

# Treoirlínte chun Scéimeanna do **Théacsleabhair ar Cíos** a Fhorbairt i Scoileanna

# Clár


Brollach 3

Réamhrá 5

Prionsabail an dea-chleachtais 6

Ag tosú 7

Cúrsaí airgid a bhainistiú 8

Téacsleabhair a roghnú agus a bhainistiú 10

Na meáin dhigiteacha 13

Is tuismitheoir mise – conas mar is féidir liom cuidiú? 14

**Aguisín A**

Amlíne chun scéim do leabhair ar cíos a bhunú 16

**Aguisín B**

Polasaí samplach do scéim leabhair scoile ar cíos – bunscoil 18

**Aguisín C**

Litir shamplach agus foirm do chomhaontú na dtuismitheoirí – bunscoil 19

**Aguisín D**

Polasaí samplach do scéim leabhair scoile ar cíos – iar-bhunscoil 20

**Aguisín E**

Sraith shamplach cuntas i mbunscoil 22

**Aguisín F**

Sraith shamplach cuntas in iar-bhunscoil (scoil neamh-DEIS) 23

**Aguisín G**

Sraith shamplach cuntas in iar-bhunscoil (scoil DEIS) 24

**Aguisín H**

Cód cleachtais Chumann Foilsitheoirí Oideachais na hÉireann 26

Nótaí buíochais agus tagairtí 27

**Ruairí Quinn, TD**
**Aire Oideachais agus Scileanna**

## Brollach

Tá téacsleabhair mar cheann de raon mór tacaíochtaí ar féidir le múinteoirí úsáid a bhaint astu chun curaclam nua-aimseartha agus spéisiúil a chur i láthair a ndaltaí. Tuigim, áfach, go mbaineann mórchostas suntasach le ceannach na dtéacsleabhar do thuismitheoirí agus creidim gur bealach praiticiúil amháin iad na scéimeanna do leabhair ar cíos inar féidir na costais seo a laghdú go mór. Tá scéimeanna ar cíos ag feidhmiú le rath in a lán scoileanna agus léiríonn tuismitheoirí tacaíocht láidir dá leithéid de scéimeanna.

Rinneadh na treoirlínte seo a fhorbairt chun cuidiú le scoileanna scéimeanna do théacsleabhair ar cíos a bhunú. Tá na treoirlínte bunaithe ar thaithí roinnt scoileanna agus cumann tuismitheoirí a bhfuil scéimeanna do théacsleabhair ar cíos ag feidhmiú go héifeachtach acu agus tá sé i gceist go ndéanfadh na treoirlínte dea-chleachtas agus comhairle phraiticiúil a chur ar fáil.

Rinneadh na treoirlínte a scríobh le cúnamh ó roinnt scoileanna agus eagraíochtaí, ar a n-áirítear an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí-Bunleibhéal, an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí-Iar-bhunleibhéal, Cumann Naomh Uinseann de Pól, Barnardos agus Cumann Foilsitheoirí Oideachais na hÉireann mar aon leis na páirtnéirí oideachais agus daoine eile a chur tuairimí luachmhara ar fáil faoi na treoirlínte seo. Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl do na scoileanna agus do na heagraíochtaí seo uile agus don Chigireacht i mo Roinn féin a thug cuairt ar scoileanna agus a bhailigh samplaí de dhea-chleachtas dá n-ionchar sna treoirlínte seo.

Tá súil agam go gcuideoidh an chomhairle phraiticiúil atá ar fáil sna treoirlínte seo le scoileanna agus le tuismitheoirí. Seans go mbeidh tuairimí nua le fáil anseo a chuideoidh le scoileanna, a bhfuil scéimeanna acu cheana féin, feabhas a chur ar a gcuid scéimeanna féin, agus tá súil agam go mbeidh spreagadh le fáil ag scoileanna nach bhfuil scéimeanna ar cíos i bhfeidhm acu go fóill. Táim cinnte gur féidir le scéimeanna dá leithéid seo fíordhifríocht a chruthú do theaghlaigh agus do dhaoine óga agus beidh mé ag tnúth le méadú a bheith ar na scéimeanna do leabhair ar cíos a bhíonn ar fáil i scoileanna sna blianta atá le teacht.

**Ruairí Quinn, TD**
Aire Oideachais agus Scileanna

## Réamhrá

Is féidir le scéimeanna do leabhair ar cíos difríocht shuntasach a dhéanamh don gcostas ar théacsleabhair a sholáthar do scoláirí. Díríonn na treoirlínte seo ar chuidiú le scoileanna scéimeanna do leabhair ar cíos a bhunú agus a riar. Cuireann na treoirlínte prionsabail don dea-chleachtas ar fáil a bhíonn bunaithe ar an taithí atá ag scoileanna agus ag cumainn tuismitheoirí a bhfuil scéimeanna rathúla leabhair ar cíos acu. In aguisíní na dtreoirlínte, tá fáil ar shamplaí praiticiúla de pholasaithe, litreacha agus foirmeacha comhaontaithe.

## Cén fáth ar chóir dúinn scéim do leabhair scoile ar cíos a bheith againn?

Cruthaíonn bunú scéime do leabhair scoile ar cíos deis mórthionchar suntasach a bheith ar phraghas an bhille bliantúil leabhar do thuismitheoirí daltaí bunscoile agus iar-bhunscoile. Brathann an costas téacsleabhar a bhíonn ar dhalta ar scoláirí an rogha téacsleabhar a bhíonn in úsáid sa scoil. Is féidir leis na meastacháin ar chostais reatha téacsleabhar ag an mbunleibhéal a bheith sa raon ó thart ar €60 i ranganna na naíonán go €150 i rang a sé. Ag an dara leibhéal, brathann costas na dtéacsleabhar ar bhliainghrúpa an scoláire agus ar an méid ábhar a roghnaítear. Is iad na blianta is costasaí ná an chéad bhliain, nuair a meastar costas €350 a bheith i gceist, agus an cúigiú bliain nuair a meastar an costas a bheith ag €500. Bíonn sé seo mar mhórualach ar a lán teaghlach agus is fíor-ábhar imní é go bhféadfadh a leithéid bac a chur ar roinnt scoláirí leanúint leis an oideachas.

Cuireann scéimeanna do leabhair scoile ar cíos deireadh leis an ngá a bhíonn ag tuismitheoirí téacsleabhair nua a cheannach agus cruthaíonn siad rogha inmharthana eile seachas na díolacháin bhliantúla ar leabhair athláimhe. Thug scoileanna a bhfuil scéimeanna bunaithe cheana acu le fios go mbíonn nach mór ochtó faoin gcéad de shábháil ar thuismitheoirí seachas leabhair nua a cheannach.

## Ní hí an tsábháil ar chostais an t-aon bhuntáiste amháin

Mar aon leis na costais a bhíonn le sábháil ag tuismitheoirí, deimhníonn scéim na leabhar ar cíos go mbíonn a gcuid leabhar, agus an t-eagrán céanna de gach leabhar, ag gach scoláire ag tús na scoilbhliana. Cruthaíonn scém dá leithéid solúbthacht do scoláirí ar mian leo athrú go hábhar eile nó go leibhéal staidéir eile gan ualach airgeadais breise a chur ar thuismitheoirí. Is féidir leis seo a bheith an-chabhrach sa chéad bhliain iar-bhunscoile, mar a mbíonn, in amanna, "blaischlár" á ofráil le raon leathan ábhar óna roghnaíonn scoláirí ina dhiaidh sin na hábhair don tsraith shóisearach. Is féidir le scéim bhunaithe rochtain a sholáthar do mhúinteoirí agus do dhaltaí/scoláirí ar raon níos leithne d'acmhainní a thacaíonn leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim.

## Foilsitheoirí téacsleabhar agus scéimeanna do leabhair ar cíos

Tá na príomhfhoilsitheoirí oideachasúla in Éirinn comhaontaithe ar Chód Cleachtais a chur i bhfeidhm a dhíríonn ar chostais téacsleabhar a laghdú do thuismitheoirí agus do scoileanna. Mar chuid den chód seo, tá geallúintí tugtha ag foilsitheoirí eagráin nua téacsleabhar a choimeád i gcló ar feadh sé bliana ar a laghad, comhoibriú le scoileanna aonair nuair a bhíonn scéimeanna do théacsleabhair ar cíos á bhunú acu agus caidreamh níos fearr a bheith acu le pobail scoile, le tuismitheoirí, le múinteoirí agus le páirtithe leasmhara eile.

## Prionsabail an dea-chleachtais

Is léir ón taithí ag pobail scoileanna a bhfuil scéimeanna do leabhair ar cíos ag feidhmiú acu go bhfuil roinnt pointí atá simplí agus bunúsach, ach iad fíor-thábhachtach don rath a thagann ar scéim na leabhar.

- Cinnteoidh comhpháirtíocht, comhchomhairle agus comhoibriú idir an scoil agus an baile an rath ar scéim leabhair scoile ar cíos
- Ba chóir do scoileanna gach iarracht a dhéanamh a mhéid tuismitheoirí agus is féidir a bheith gafa sa phlé faoi scéim na leabhar a bhunú, agus san athbhreithniú maidir lena feidhmiú. Cé go mbeidh an scéim do leabhair ar cíos ag feidhmiú faoi scáth bhoird bhainistíochta na scoile, is féidir le tuismitheoirí agus le heagraíochtaí tuismitheoirí ról an-luachmhar a bheith acu in eagrú agus i mbainistíocht leanúnach na scéimeanna ar cíos
- Ba chóir don scoil scéim do leabhair ar cíos a chur le chéile tar éis dul i gcomhairle leis an bhfoireann, le scoláirí agus le tuismitheoirí
- Feidhmíonn scéimeanna do leabhair scoile ar cíos go féinmhaoinitheach agus na costais ag teacht ó theacht isteach an chíosa mar aon le fordheontas na leabhar scoile ón Roinn Oideachais agus Scileanna
- Go minic bíonn imeachtaí tiomsaithe airgid ag pobail scoile chun costas tosaigh na scéime ar cíos a bhunú. Cuidíonn teacht isteach na scéime de réir a chéile an costas tosaigh a mhaolú. Caithfear nósanna imeachta cuí do bhainistíocht airgeadais a chur i bhfeidhm i gcónaí agus, le himeacht ama, ba chóir don scéim ar cíos a bheith ag feidhmiú go féinmhaoinitheach
- Ba chóir cúntais bhliantúla iniúchta ón scéim ar cíos a sholáthar don bhord bainistíochta agus a fhoilsiú do thuismitheoirí
- Ba cheart gur leis an scoil na leabhair agus d'fhéadfadh leabhair nua agus leabhair athláimhe a bheith i gceist
- Ba chóir do dhaltaí/scoláirí na leabhair a choimeád don bhliain (mar shampla ag an mbunleibhéal) nó do thimthriall scrúdaithe (ag an iar-bhunleibhéal) agus na leabhair a thabhairt ar ais ag deireadh na tréimhse sin
- Ba chóir a bheith ag súil go ndéanfadh daltaí/scoláirí na leabhair a choimeád i ndea-bhail agus ba chóir go n-iarrfaí ar thuismitheoirí na costais a bhaineann le leabhair a bhíonn lotaithe nó caillte a chúiteamh
- Ba chóir do chomhordaitheoir na scéime do leabhair ar cíos na liostaí leabhar a chur le chéile gach bliain, agus iad a bheith bunaithe ar chinntí múinteoirí/ ranna ábhar agus bhainistíocht scoile i leith riachtanais ranga/ grúpa/ bliana/ ábhair
- Ba chóir na socruithe a bhaineann le costais ó thuismitheoirí do leabhair ar cíos a eagrú ar bhealach nach dtarlaíonn a leithéid ag an am céanna le costais eile a bhaineann le bheith ag teacht ar ais ar scoil, mar shampla, costais éide scoile
- Ba chóir go mbeadh athbhreithniú rialta ar oibriú na scéime ar cíos agus ar an tslí inar féidir éifeachtacht na scéime a fheabhasú.

## Ag tosú

Déanann na pointí a leanann cur síos ar roinnt de na príomhchéimeanna a bhaineann le scéim do leabhair scoile ar cíos a bhunú. Tá siad bunaithe ar thaithí roinnt mhaith pobail scoileanna ach b'fhéidir gur gá iad a chur in oiriúint do chúinsí gach scoile ar leith. Cuireann Aguisín A amlíne níos iomláine ar fáil do na tascanna ar leith a chaithfear a dhéanamh nuair a bhíonn an scéim á riar.

### Comhthiomantas a spreagadh don scéim leabhair ar cíos

- Bíonn pleanáil chúramach agus tiomantas láidir de dhíth ar bhainistíocht agus ar phobal uile na scoile nuair a bhíonn scéim do leabhair ar cíos á bunú. Is fearr a fheidhmíonn na scéimeanna nuair a bhíonn tacaíocht le fáil ó bhainistíocht na scoile don tionscnamh agus nuair a oibrítear go dlúth le tuismitheoirí agus le daltaí na scoile chun scéim a bhunú agus a riar

- Bíonn ról tábhachtach ag bainistíocht na scoile, go háirithe ag an bpríomhoide agus ag an bpríomhoide tánaisteach, comhthiomantas a spreagadh don scéim i measc na mball foirne uile agus i measc phobal na scoile. Beidh ardú feasachta i measc tuismitheoirí agus scoláirí faoi na féidearthachtaí a bhaineann leis an scéim, mar aon leis an dlúthoibriú le baill den bhord bainistíochta agus le cumann na dtuismitheoirí an-chuiditheach chun "rannpháirtíocht a spreagadh" agus tacaíocht a fháil don tionscnamh.

- Ionas go bhfeidhmeoidh scéim do leabhair ar cíos go héifeachtach agus go heifeachtúil, beidh gá le ham agus le tiomantas ón uile dhuine agus déanfar feidhmiú na scéime a fheabhsú bliain in aghaidh bliana mar thoradh ar an bhfoghlaim ón gcleachtas.

### Riar na scéime

- Déantar comhordaitheoir, a mbíonn bunfhreagracht ar/uirthi ar an scéim, a cheapadh. De ghnáth is iad bainistíocht na scoile, na múinteoirí agus/nó an fhoireann choimhdeach, i bpáirtnéireacht le tuismitheoirí, a dhéanann an scéim a chomhordú agus a riar

- Bunaítear coiste feidhmiúcháin, agus iad tiomanta do chúnamh a thabhairt i riar na scéime. Déantar an comhordaitheoir agus an coiste a cheapadh ó na hacmhainní atá cheana ag an scoil – d'fhéadfadh gur múinteoirí agus baill de chomhairle na dtuismitheoirí a bheadh i gceist

- Osclaítear cuntas bainc ar leith chun freastal ar na hidirbhearta uile do leabhair ar cíos. Déanfar na cuntais a stóráil sa scoil don tréimhse ama céanna agus a bhaineann le cuntais ghinearálta scoile agus d'fhéadfaí iad a iniúchadh. Coimeádtar taifid de na hidirbhearta uile agus déantar iad a athbhreithniú go bliantúil.

- Ba chóir sraith cuntas don ioncam agus don chaiteachas mar aon le sonraí do bhainistíocht airgeadais na scéime do leabhair ar cíos a chur ar fáil mar chuid de chuntais bhliantúil an bhoird bhainistíochta.

## Cúrsaí airgid a bhainistiú

### Maoiniú na Scéime

- Baintear úsáid, más cuí, as deontas leabhar na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS) agus as roinnt den mhaoiniú ó Chothromaíocht Deiseanna a Sheachadadh sna Scoileanna *(DEIS)* chun an scéim do leabhair ar cíos a bhunú agus a reachtáil

- D'fhéadfadh bord bainistíochta agus/nó pobal níos leithne na scoile maoiniú a sholáthar don chaiteachas tosaigh a bhaineann le scéim leabhair ar cíos a bhunú. D'fhéadfaí an cistiú caipitil tosaigh don scéim a fháil ó iasachtaí nó ó ghníomhaíochtaí tiomsaithe airgid. Le feidhmiú céimnithe na scéime, éireoidh léi a bheith féinmhaoinitheach

- Déantar costas cíosa a shocrú de ghnáth bunaithe ar thosca ar nós:
  - an scéim a bheith nua nó bunaithe le tamall
  - an úsáid a baintear as leabhair athláimhe sa scéim
  - an líon ábhar a roghnaítear. Go minic, ní bhíonn ach ábhair áirithe clúdaithe sa scéim, go háirithe sna céimeanna tosaigh. Is féidir, ina dhiaidh sin, an raon ábhar nó an raon leabhar a bhíonn ar fáil sa scéim a leathnú

- I measc na gcinntí a chaithfear a dhéanamh tá:
  - ar chóir do dhaltaí éarlais a íoc agus iad ag teacht isteach sa scéim
  - ar chóir costais laghdaithe a bheith ar chíos teaghlach a bhfuil níos mó ná dalta amháin acu sa scéim
  - ar chóir leabhair saothair, cóipleabhair agus ábhair eile a bheith/ gan a bheith clúdaithe i dtáille an chíosa.
  - costas an táille don chíos (ba chóir go mbeadh sé seo réasúnta do theaghlaigh)

### Úsáid na n-éarlaisí

- Má bhíonn éarlais á éileamh mar urrús, ba chóir don éarlais seo a bheith mar chéatadán de chostas na leabhar agus mar ghnáthnós idir 10% agus 20% a bheadh i gceist

### Bainistiú an airgid

- I scéim do théacsleabhair ar cíos bíonn gá na cistí a bhíonn ar fáil a bhainistiú go cúramach agus tuairisciú go follasach don bhord bainistíochta agus do thuismitheoirí

- Osclaítear cuntas ar leith chun freastal ar gach gnó bainteach le leabhair ar cíos. Déanfar na cuntais a stóráil sa scoil don tréimhse ama céanna a bhaineann le cuntais ghinearálta scoile agus d'fhéadfaí iad a iniúchadh. Coimeádtar taifid ar gach beart airgid agus déantar iad seo a athbhreithniú go bliantúil

- Toisc gur bainistíocht na scoile atá i ndeireadh freagrach as feidhmiú na scéime do leabhair ar cíos, ba chóir sraith cuntas d'ioncam agus do chaiteachas na scéime do leabhair ar cíos a chur ar fáil mar chuid de chuntais bhliantúla an bhoird bhainistíochta. Ba chóir na cuntais seo a chur in iúl go bliantúil don fhoireann agus do thuismitheoirí, cé gur chóir na ranníocaíochtaí ó theaghlaigh aonair a choimeád faoi rún. Ba chóir na cuntais a chur ar fáil freisin nuair a déantar cigireacht ar an scoil.

## Cén cineál buiséid a bheidh ag teastáil?

- Beidh rath na scéime do leabhair ar cíos ag brath go mór ar an tslí ina ndéanfar í a riar agus ar a mhéid agus a tugtar aire do na leabhair ó bhliain go bliain ionas gur féidir iad a úsáid ar feadh roinnt bliana

- Beidh rath na scéime ag brath chomh maith ar an méid leabhar agus ábhar atá sa scéim

- Tá fáil in Aguisín E ar chuntas samplach do scéim na leabhair scoile ar cíos i mbunscoil. Léiríonn na cuntais seo an tslí ina gcaithfear sraith leabhar a choimeád ar feadh cúig bliana ar a laghad ionas go gclúdóidh scoileanna na costais.

- Tá fáil ar shraitheanna cuntas samplacha do scéimeanna leabhair ar cíos in iar-bhunscoileanna in Aguisín F agus in Aguisín G.

## Téacsleabhair a roghnú agus a bhainistiú

### Téacsleabhair a roghnú

- Socraíonn foireann na scoile, de réir pholasai na scoile agus faoi threoir na bainistíochta sinsearaí, ar liostaí téacsleabhar agus/nó ar riachtanais na leabhar saothar do na hábhair/rang-ghrúpaí ar leith. Déantar socruithe chun an t-eolas a sholáthar do chomhordaitheoir na scéime

- Tá bunachar sonraí de na háiseanna atá ar fáil i nGaeilge agus don teagasc trí Ghaeilge sa bhunscoil and san iarbhunscoil ar shuíomh gréasáin COGG (An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, www.cogg.ie) Cuirtear leis an eolas seo go rialta agus eagraíonn COGG ceardlanna agus taispeántais ó am go ham chun múinteoirí a chur ar an eolas faoi áiseanna atá ar fáil do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Bíonn an t-eolas seo an-úsáideach nuair a bhíonn foireann na scoile ag socrú ar liostaí téacsleabhar do na hábhair/rang-ghrúpaí ar leith

- Beidh an soláthar in am ar eolas do chomhordaitheoir na scéime riachtanach do riar éifeachtúil na scéime. Chuige sin, caithfear amchláir mar aon le liostaí/tráthchláir ranga a bheith ar fáil ag múinteoirí chomh luath agus is féidir chun a chur ar a gcumas a riachtanas leabhar don bhliain dar gcionn a áireamh. Déantar an sainscagadh ar na leabharliostaí nua i mí Aibreáin/Bealtaine (nó níos luaithe más féidir)

- Ba chóir don pholasaí scoile ar roghnú téacsleabhar aird a thabhairt ar an ngá atá leis na téacsleabhair agus/nó na leabhair saothair, ar na critéir a úsáidtear chun téacsanna a roghnú, agus ar an tiomantas téacsanna a choimeád ar an leabharliosta ar feadh achar áirithe ama

- Is féidir leis an scoil an scéim do leabhair ar cíos a úsáid mar thaca do na meáin dhigiteacha. Ní féidir an scéim a úsáid chun leabhair leabharlainne a úsáid ach amháin chun 'Túsléitheoirí leabharlainne le tabhairt abhaile' a cheannach le húsáid i ranganna naíonán nuair a bhíonn siad seo in úsáid seachas scéim léitheoireachta

### Úsáid leabhair saothair

Moltar de ghnáth gan leabhair saothair a bheith mar chuid den scéim do leabhair ar cíos agus sna cuntais atá ar fáil sna hAguisíní ní áirítear costas na leabhar saothar. Tá roinnt stráitéisí in úsáid chun an gá le leabhair saothair a sheachaint nó chun athúsáid leabhair saothar ó bhliain go bliain a cheadú. Áirítear mar chuid acu seo:

- Leaganacha leictreonacha de leabhair saothair a úsáid – Tá leaganacha leictreonacha de leabhair saothair ag formhór na bhfoilsitheoirí anois agus is féidir leis an rang uile iad seo a úsáid ón gclár bán idirghníomhach

- Máistirchóip de leabhar saothair ar féidir fótachóip a dhéanamh de – Tá cead, ó thaobh dlí, na leabhair saothair seo a chóipeáil cé go bhféadfadh go sáródh an costas fótacóipeála a mbeadh le sábháil ar théacsleabhair. Is féidir athchúrsáil a dhéanamh orthu arís is arís eile nuair a baintear úsáid astu le *Smartpal Clearboard* nó le cóipleabhar

- Amharcléiritheoirí a úsáid – Tá an t-amharcléiritheoir ag teacht isteach de réir a chéile i seomraí ranga ar fud na tíre. Cruthaíonn sé an fhéidearthacht leathanach den leabhar saothair a theilgeadh ar chlár nó ar an mballa don úsáid ag rang nó ag grúpa leanaí

- *Smartpal Clearboard* – Tá sé seo cosúil le póca plaisteach. Suíonn an leabhar saothair isteach ann agus scríobhann na leanaí na freagraí ar an mbileog phlaisteach le marcóir beag. Is féidir an marcóir a ghlanadh gan dua agus is féidir leathanach eile den leabhar saothair a chur isteach

- Cóipleabhar– Is féidir cóipleabhar seanfhaiseanta a úsáid chun na freagraí ar cheisteanna sa leabhar saothair a scríobh

- Cláir bhána aonair – Is cláir bhána A4 atá i gceist anseo a úsáideann leanaí chun freagraí ar chleachtaí sa leabhar saothair a scríobh.

## Aimsiú na dtéacsleabhar

- Ceannaítear leabhair ó fhoinsí éagsúla ar a n-áirítear an miondíoltóir áitiúil, foilsitheoirí oideachasúla agus comhlachtaí ar líne. Is féidir lacáistí ar chostas na leabhar a idirbheartú, go háirithe nuair a bhíonn bulc-cheannach i gceist. D'fhéadfadh go mbíonn seirbhís chun leabhair a chlúdach ar fáil ar chostas ó na miondíoltóirí, nó d'fhéadfadh na scoileanna a socruithe féin a dhéanamh faoi sheirbhís chun na leabhair a chlúdach

- Ag an tús d'fhéadfaí leabhair athláimhe a bhíonn faighte go deonach nó ceannaithe ó thuismitheoirí, mar aon le leabhair nua, a bheith sa scéim

- Is féidir le scoileanna comhoibriú le scoileanna eile sa cheantar chun leabhair a mhalartú/ a chur ar ordú.

## Eagrú na dtéacsleabhar

- Is dócha gur é seo an chuid den scéim do leabhair ar cíos is mó a bhfuil obair ag baint leis. Bíonn baill den choiste eagraithe go lárnach ar an bhfoireann a dhéanann na hoibre; baineann roinnt scoileanna úsáid freisin as foireann thacaíochta agus/ nó bíonn cúnamh le fáil acu ó scoláirí le linn na saoire chun an obair a chríochnú

- Caithfidh an comhordaitheoir agus an coiste oibriúcháin a dheimhniú go mbíonn gach tasc praiticiúil a bhaineann le scéim na leabhar a riar críochnaithe in am do thús na scoilbhliana nua. Cuirtear san áireamh anseo catalógú agus clúdach na leabhar mar aon le taifead téacsleabhar a choimeád. Is féidir leabhair a stóráil sna seomraí ranga thar thréimhse an tsamhraidh

- Bíonn socruithe déanta ag formhór na scoileanna na leabhair, sula ligtear ar cíos iad, a chlúdach/lannú chun a marthanacht a dheimhniú. Mar ghnáthnós bíonn costas an chlúdaigh clúdaithe i dtáille an chíosa

- I roinnt scoileanna, baintear úsáid as barrachóid agus scanóirí chun na leabhair a rianú.

## Dáileadh na dtéacsleabhar

- Socraítear comhaontú le tuismitheoirí agus le scoláirí maidir le haire cheart a thabhairt do na leabhair agus cinn eile a chur ar fáil má chailltear iad. Is féidir éarlais a bhailiú ag tús tréimhse an chíosa agus is féidir leis an scoil í a choimeád má bhíonn na leabhair lotaithe, caillte nó i ndroch chuí

- Bailítear táillí an chíosa ó scoláirí, mar aon leis an bhfoirm chomhaontaithe a bhíonn sínithe ag na tuismitheoirí. Is fearr an fhoirm chomhaontaithe agus roinnt den táille, ar a laghad, a bhailiú i bhfad roimh dheireadh na scoilbhliana. Chun an t-ualach airgeadais ag tús na scoilbhliana a laghdú do thuismitheoirí, is féidir na táillí do leabhair ar cíos a bhailiú i dtráthchodanna

- Cuirtear in iúl chomh luath agus is féidir do thuismitheoirí na ndaltaí atá ag tosú i rang na naíonáin shóisearacha i mbunscoileanna mar aon leo siúd atá ag dul isteach sa chéad bhliain san iar-bhunscoil go bhfuil scéim do leabhair ar cíos i bhfeidhm agus moltar dóibh leas a bhaint as

- Déantar, de réir mar a oireann, meascán leabhar nua agus athláimhe a chur ar fáil do scoláirí. Mar ghnáthnós bíonn fad saoil 4 go 6 bliana ag téacsleabhair a úsáidtear do scéimeanna ar cíos

- Déantar pacáistí leabhar a dháileadh ar scoláirí ag tús na scoilbhliana. Cuirtear lipéid/barrachóid ar gach leabhar roimh ré.

## Téacsleabhair ag teacht ar ais

- Meabhraítear do scoláirí faoi chúram agus faoi chothabháil na dtéacsleabhar i rith bliana

- Ag deireadh na bliana acadúla, déantar na leabhair a bhailiú agus a sheiceáil agus deisítear leabhair lotaithe

- Déantar leabhair nach mbíonn in úsáid níos mó a dhíol nó a athchúrsáil

- Cuirtear na leabharliostaí le chéile agus déantar na leabhair don bhliain dar gcionn a chur ar ordú.

## Athbhreithniú dheireadh na bliana

Eagraítear athbhreithniú bliantúil ar an scéim. D'fhéadfadh go gclúdódh sé seo:

- Meastóireacht ar éifeacht fheidhmiúcháin na scéime le linn na scoilbhliana

- Réimsí d'fheidhmiú na scéime a fhéadfaí a fheabhsú a aithint

- Meastóireacht ar cháilíocht na seirbhíse ó sholáthróir(í) leabhar

- Iniúchadh ar pholasaí na scoile maidir le húsáid téacsleabhar a íoslaghdú

- Iniúchadh ar bhealaí chun costais a íoslaghdú sa todhchaí.

Beidh na tuairimí ó bhainistíocht scoile, ó mhúinteoirí aonair, ó ranna ábhar, ó thuismitheoirí agus ó dhaltaí/scoláirí mar chuid lárnach dá leithéid d'athbhreithniú mar a bheidh, ar ndóigh, na tuairimí agus an taithí ó chomhordaitheoir na scéime agus ón gcoiste riaracháin.

## Na meáin dhigiteacha

Tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaineann múinteoirí agus scoláirí as na meáin dhigiteacha i scoileanna. Cé go bhfuil úsáid fhorleathan á baint go fóill as téacsleabhair thraidisiúnta, tá roinnt scoileanna tar éis tús a chur le húsáid ríomhleabhar agus acmhainní digiteacha eile chun obair scoláirí ar scoil agus sa bhaile a fheabhsú, nó tá siad ag machnamh ar a leithéid a thosú. Is féidir ríomhleabhair a cheannach ó fhoilsitheoirí oideachais nó is féidir leis na múinteoirí féin, grúpaí múinteoirí, nó scoileanna iad a chruthú.

### Buntáistí na meáin dhigiteacha ar a n-áirítear ríomhleabhair

- Is féidir leis na meáin dhigiteacha cur leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim trí:
  - spéis na scoláirí a spreagadh san ábhar a bhíonn á chur i láthair
  - chur ar chumas scoláirí raon foinsí agus cineálacha eolais a rochtain
  - thacú leis an bhforbairt ar scileanna taighde
  - fhoghlaim chruthaitheach, ghníomhach agus chomhoibríoch a chur chun cinn
- Is féidir gné ilmheáin a bheith ag baint le ríomhleabhair. Cuirtear le hidirghníomhacht téacsanna nuair a bhíonn clos agus fís ghnéithe leabaithe iontu
- Is féidir le húsáid na meáin dhigiteacha úsáid na dtéacsleabhar traidisiúnta agus na leabhar saothar a laghdú. Is féidir ábhar digiteach a stóráil ar ríomhaire/ríomhaire glúine/tháibléad pearsanta nó ar ghléas iniompartha, agus laghdú dá réir a dhéanamh ar ualach na málaí scoile
- Is féidir a lán ábhar digiteach a rochtain saor in aisce ar líne.

### Bainistiú na meán digiteacha

Bíonn roinnt dúshlán ag baint leis na meáin dhigiteacha a bhainistiú i scoileanna. I ngeall air sin, is gá plean don scoil uile a chruthú agus a chur i bhfeidhm do chomhtháthú na teicneolaíochta/don ríomhfhoghlaim. Dá réir sin, ba chóir aird a thabhairt ar na nithe praiticiúla seo a leanas:

- Roghnú na ríomhleabhar: cóipeanna pdf de leabhair thraidisiúnta atá i gceist le roinnt ríomhleabhar ach bíonn idirghníomhaíocht bhreise i gceist le leabhair eile
- Costas: d'fhéadfadh costas ard a bheith ag baint leis na ríomhleabhair agus leis na seirbhísí a bhaineann leo
- Saincheisteanna a bhaineann le rochtain:
  - caithfear dóthain nascachta idirlín a bheith ar fáil sa scoil
  - d'fhéadfadh go mbeadh gá na ríomhleabhair a léamh ar ardán ar leith alínithe le gléasanna ar leith
  - cé gur féidir le múinteoirí ríomhleabhair a chruthú dá gcuid daltaí, ní gá go gciallíonn 'foilsiú' ábhar mar ríomhleabhar gur féidir le gach gléas é a rochtain
- Sainceisteanna faoi cheadúnú: seans go mbainfeadh ceadúnú ríomhleabhar do scoláire gur don scoláire sin amháin é, do thréimhse áirithe ama agus /nó ar ghléas ar leith
- Saincheapú na ríomhleabhar: D'fhéadfadh go mbeadh teorainneacha leis an ábhar pearsanta/na nótaí mínithe ar féidir le scoláirí a chur lena gcuid ríomhleabhar.

Is féidir leat comhairle breise a fháil faoi úsáid na meáin dhigiteacha ag:
http://www.ncte.ie/ICTAdviceSupport/AdviceSheets/ agus
http://www.ncte.ie/elearningplan/

## Is tuismitheoir mise – Conas mar is féidir liom cuidiú?

Is fearr a oibríonn scéimeanna do leabhair ar cíos nuair a bhíonn tacaíocht acu ó phobal uile na scoile. Bíonn ionchur na dtuismitheoirí i scéimeanna do leabhair ar cíos an-tábhachtach le go bhfeidhmeoidh na scéimeanna ga sásúil.

**Sula dtéann do leanbh ar scoil, is féidir leat:**

- A fháil amach ón scoil, nuair a chuireann tú iarratas isteach ar dtús chun do leanbh a chlárú sa scoil, an bhfuil scéim do leabhair ar cíos sa scoil
- A rá leis an scoil gur mhaith leat, má bhíonn fáil ar a leithéid, a bheith páirteach i scéim na leabhar ar cíos
- A bheith páirteach i scéim sa leabhair ar cíos nuair a thosaíonn do leanbh ag freastal ar an scoil
- An éarlais agus táille an chíosa a íoc go pras (de ghnáth, do dhaltaí a bhíonn ag dul isteach sna naíonáin shóisir agus sa chéad bhliain iar-bhunscoile, íoctar an táille agus an éarlais de ghnáth sa téarma roimh don leanbh tosú sa scoil don chéad uair-go minic is i mí Aibreáin, Bealtaine nó an Mheithimh roimh thús na scoilbhliana a tharlaíonn sé seo).

**Má tá scéim do leabhair ar cíos ag an scoil, is féidir leat:**

- Iarratas a dhéanamh ar do leanbh a bheith páirteach gach bliain sa scéim leabhair ar cíos
- An éarlais agus táille an chíosa a íoc go pras (de ghnáth, sa téarma roimh thús na scoilbhliana)
- A chur ina luí ar do leanbh gur gá aire chúramach a thabhairt do na leabhair: déan do leanbh a mhealladh gan scríobh ar na leabhair
- A dheimhniú go dtugann do leanbh na leabhair a bhíonn ar iasacht ar ais go pras ag deireadh na scoilbhliana
- An taithí a bhíonn agat ar an scéim do leabhair scoile ar cíos a roinnt le tuismitheoirí eile go mb'fhéidir nach eol dóibh faoi bhuntáistí na scéime.

**Is féidir leat cuidiú leis an scéim do leabhair ar cíos i scoil do linbh trí:**

- A thabhairt le fios do phríomhoide na scoile nó do bhall den bhord bainistíochta nó do chumann na dtuismitheoirí go mbeadh buntáiste ag baint le scéim leabhair ar cíos a bhunú
- Cuidiú le feasacht a bhunú i measc tuismitheoirí agus cumainn thuismitheoirí ar na buntáistí a bhaineann le scéimeanna leabhair ar cíos; mar shampla, seans go mbeadh sé go maith cuireadh a thabhairt d'aoichainteoir ó scoil eile, ina bhfuil scéim leabhair scoile ar cíos ag feidhmiú go rathúil, labhairt ag cruinniú de chumann na dtuismitheoirí
- Ionchur a bheith agat in aon ghrúpa oibre a d'fhéadfadh an bord bainistíochta a bhunú chun cuidiú le scéim do leabhair ar cíos a bhunú nó a reachtáil

- Cloí leis na rialacha atá leagtha síos d'fheidhmiú na scéime ar cíos
- Bord bainistíochta na scoile agus cumann na dtuismitheoirí a ghríosadh chun breathnú ar an ngá atá ann athruithe sna téacsleabhair a choimeád chomh híseal agus is féidir gach bliain
- Fáil a bheith ort go deonach chun cuidiú leis an ngrúpa oibre an scéim a riar; mar shampla...
    - cuidiú le leabhair a chlúdach roimh thús na scoilbhliana
    - leabhair a shortáil, a chlibeáil agus a sheiceáil sula ndéantar iad a dháileadh ar scoláirí
    - sraith leabhar a chur le chéile don dáileadh ar scoláirí
    - cuidiú le leabhair a bhíonn ag teacht ar ais a sheiceáil isteach ag deireadh na scoilbhliana
    - cuidiú le leabhair na scéime ar cíos a bhíonn tagtha ar ais a ghlanadh agus a dheisiú
    - cuidiú leis an ngrúpa oibre a bhíonn ag riar na scéime do leabhair ar cíos trí tháillí an chíosa a bhailiú ó scoláirí agus óna dtuismitheoirí, agus cuntas a choimeád orthu
- Leabhair athláimhe i ndea-bhail agus suas chun dáta atá ceannaithe agat féin ach ach nach bhfuil gá agat leo níos mó a thabhairt go deonach don scoil don úsáid sa scéim leabhair ar cíos
- Tú féin a chur ar fáil chun cuidiú ag ócáidí tiomsaithe nó urraíocht a eagrú chun airgead a fháil do leabhair nua agus do raon fairsingíoch a bheith mar chuid den scéim
- Do thaithí ar a bheith páirteach sa scéim do leabhair ar cíos a roinnt le pobal na scoile i scoileanna eile nach bhfuil scéimeanna ar cíos acu – d'fhéadfadh do chomhairle agus do thaithí a bheith sár-luachmhar dóibh siúd.

## Aguisín A: Amlíne chun scéim do leabhair ar cíos a bhunú

### Téarma a Dó (Eanáir – Márta)

- Déantar comhordaitheoir, leis an bhfreagracht don scéim, a cheapadh
- Déantar cuntas bainc ar leith a bhunú do scéim na leabhair ar cíos
- Bunaítear coiste feidhmiúcháin chun cuidiú leis an gcomhordaitheoir, go háirithe ag dianthréimhsí, mar shampla i mí an Mheithimh agus i mí Mheán Fómhair
- Déantar leabharliostaí a dháileadh ar mhúinteoirí agus iarrtar maidir le haon athruithe atá beartaithe
- Deimhníonn an comhordaitheoir, an bhainistíocht shinsearach agus na múinteoirí na cinntí uile maidir le scéim na leabhar don bhliain acadúil atá ag teacht
- Déantar na cinntí maidir le costais, cé na leabhair atá mar chuid den scéim, an bhfuil leabhair saothair san áireamh agus an teacht isteach céimnithe ar leabhair nua
- Déantar costas na leabhar a iniúchadh ar a n-áirítear lacáistí don bhulc-cheannach le scoileanna eile
- Fiosraítear maidir le roghanna chun leabhair a chlúdach
- Gheibheann tuismitheoirí agus scoláirí an polasaí mar aon le foirm iarratais don scéim do leabhair ar cíos

### Téarma a Trí (Aibreán – Meitheamh)

- Iarrtar ar thuismitheoirí leabhair athláimhe a thabhairt go deonach do, nó a dhíol leis an scéim
- Cuirtear na leabhairliostaí deiridh le chéile
- Aimsítear costas deiridh na leabhar
- Déantar táille an chíosa a shocrú do gach dalta/scoláire agus déantar cinneadh maidir le costais cíosa do theaghlaigh le níos mó ná dalta/scoláire amháin
- Déantar cinntí faoi chóipleabhair, dialanna scoláirí agus/nó ábhair eile i dtáille an chíosa
- Déantar cinneadh faoi éarlais a íoc
- Déantar foirmeacha cíosa a dháileadh mar aon le spriocdháta chun iad a thabhairt ar ais
- Cuirtear nóta go chuig scoláirí chun dreach na leabhar atá le tabhairt ar ais don scéim a sheiceáil
- Bailítear na leabhair ón mbliain roimhe sin
- Déanann an scoil dreach na leabhar a sheiceáil

- Déantar na foirmeacha do na leabhair ar cíos a chur in eagar agus i gcomhad
- Bailítear éarlais/táillí na leabhar
- Déantar an stoc a sheiceáil agus déantar cinneadh maidir leis an méid leabhar nua is gá a cheannach
- Déantar leabhair nua agus athláimhe a ordú, a chur ar fáil agus a chlúdach
- Déantar stampa na scoile a chur mar lipéad ar na leabhair
- D'fhéadfaí bunachar sonraí oiriúnach a úsáid chun an scéim do leabhair ar cíos a rianadh agus a thaifead
- Is féidir córas barrachóid, ina ndéantar barrachód ar leith a ghiniúint do gach leabhar, a úsáid a chun éascú a dhéanamh ar ligint ar cíos agus ar thaifead airgeadais na scéime
- Déantar na leabhair a roinnt i bpacáistí don dáileadh agus déantar iad a stóráil i gcoimeádáin le séalú i dtimpeallacht gan taiseacht
- Déantar athbhreithniú go bliantúil leis an uile dhuine a bhíonn ar an scéim do leabhair ar cíos

**Téarma a hAon (Lúnasa – Nollaig)**

- Cuirtear ainm/clib/barrachód gach linbh ar na leabhair
- Déantar na leabhair a dháileadh ar scoláirí agus déantar taifead a choimeád
- Bailítear, más gá, an chuid eile de na táillí
- Meabhraítear do scoláirí agus do thuismitheoirí go mbaineann na leabhair leis an scoil agus meabhraítear dóibh faoi chúram agus faoi chothabháil na leabhar

## Aguisín B
## Polasaí samplach do scéim leabhair scoile ar cíos – bunscoil

**Scoil Náisiúnta na Fuinseoige**

**Scéim do Leabhair ar Cíos**

Scéim dheonach í seo. Cuirfear leabharliostaí ar fáil do thuismitheoirí ar an ngnáthbhealach.

Beidh éarlais urrúis le híoc thar ceann gach dalta a ghlacann páirt sa scéim. Tugtar é seo ar aghaidh chuig an bhliain dar gcionn má bhíonn dea-bhail ar na leabhair ag deireadh na bliana reatha. Déanfar an éarlais urrúis a chur i gcoinne aischur slán na leabhar uile a bhíonn ar cíos ag daltaí sa scéim. Má bhíonn leabhair caillte nó lotaithe, déanfar céatadán nó an t-iomlán den éarlais seo a choimeád chun a leithéid de chailliúint nó de dhamáiste a chlúdach. Caithfear leabhair a bhíonn caillte a chúiteamh go hiomlán sular féidir athiontráil sa scéim. Déanfar an éarlais seo a thabhairt ar ais má fhágann an dalta an scéim agus gach leabhar a bhíonn ar cíos tugtha ar ais i ndea-bhail úsáide.

Cíos bliantúil: Beidh cíos bliantúil €____ i gceist mar aon le héarlais urrúis €____. Cinnteoidh íocaíocht an dá tháille an cíos do na téacsleabhair ábhartha uile ar an leabharliosta agus fáil a bheith orthu de réir agus nuair a bhíonn gá leo i rith na scoilbhliana.

Beidh ceannach na leabhair saothar, na n-ábhar aon uaire agus na stáiseanóireachta lasmuigh de scóp na scéime agus mar fhreagracht ar thuismitheoirí.

Caithfear an éarlais agus an costas cíosa a bheith íoctha ar nó roimh 1 Meitheamh gach bliain le bheith incháilithe don scéim.

Beidh scéim na Roinne Oideachais agus Scileanna don Deontas Leabhar ag feidhmiú go leithleach ón scéim seo. Is féidir foirmeacha iarratais don scéim deontas leabhar a fháil ó oifig na scoile agus caithfear iad a bheith istigh in oifig na scoile faoi 1 Meitheamh. Má bhíonn sé measta go mbíonn dalta incháilithe, cuirfear deontas €____ i gcoinne an chíoschostais €_____ rud a fhágfaidh iarmhéid €_____ le híoc. Beidh gá fós an éarlais urrúis €____ a íoc más iontrálaí nua chun na scéime a bhíonn i gceist.

Beidh ar gach dalta/tuismitheoir admháil a shíniú do na leabhair a chuirtear ar fáil agus coimeádfaidh an scoil an admháil.

Is leis an scoil na leabhair a chuirtear ar fáil sa scéim agus d'fhéadfadh ag aon am go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile iad a scrúdú.

Beidh ballraíocht sa scéim faoi rogha an bhoird bhainistíochta agus príomhoide na scoile. Cuirfear aon dalta a dhéanann leabhair ar cíos a mhí-úsáid, a scriosadh nó a dhiúscairt amach as an scéim agus beidh orthu a dtéacsleabhar féin a sholáthar don chuid eile dá dtréimhse sa scoil.

Beidh sé faoi rogha an phríomhoide agus an bord bainistíochta leabhair nua nó leabhair athláimhe a bhíonn sna leabhair a chuirtear ar fáil.

## Aguisín C

## Litir shamplach agus foirm do chomhaontú na dtuismitheoirí – bunscoil

**Scoil Náisiúnta an Chuilinn**

**Scéim Leabhair ar Cíos: Socruithe**

A Thuismitheoirí/Chaomhnóir, a chara,
Sna cúinsí airgeadais atá ann faoi láthair tá sé tábhachtach costais a choimeád chomh híseal agus is féidir do thuismitheoirí. Sábhálann ár scéim do leabhair ar cíos a lán airgid ar thuismitheoirí, go háirithe nuair a bhíonn leanaí ag éirí níos sine. Tá an scéim seo á reachtáil ag Comhairle na dTuismitheoirí, thar ceann bhord bhainistíochta na scoile, agus le tacaíocht ón príomhoide tánaisteach.

Íocann tuismitheoirí €10 do gach leanbh (naíonáin go rang a haon) nó €20 (rang a dó go rang a sé) gach bliain. Úsáidtear an t-airgead seo chun pacáistí leabhar a cheannach don rang a bheidh in úsáid ag na leanaí sa scoil. Ba chóir, le bainistiú chúramach na leabhar, go mairfidís suas le hocht mbliana. Mar ghnáthnós cuirtear cóipeanna nua ar fáil ansin toisc go mbíonn na leabhair as dáta seachas drochbhail a bheith ar na leabhair. Iarrfar ar thuismitheoirí leanaí a dhéanann dochar do leabhar cóip nua a chur ar fáil.

Léiríonn an tábla seo a leanas luach na leabhar atá ar cíos i ngach rang:

| Rang | Costas ar Thuismitheoirí | Luach na Leabhar |
|---|---|---|
| Naíonáin Sóisir | € 10.00 | € 31.70 |
| Naíonáin Sinsir | € 10.00 | € 32.35 |
| Rang a hAon | € 10.00 | € 53.25 |
| Rang a Dó | € 20.00 | € 73.65 |
| Rang a Trí | € 20.00 | € 208.70 |
| Rang a Ceathair | € 20.00 | € 217.00 |
| Rang a Cúig | € 20.00 | € 217.15 |
| Rang a Sé | € 20.00 | € 215.45 |
| **Iomlán** | €130.00 | €1049.25 |

Líon isteach agus cuir ar ais an fhoirm thíos le do thoil, mar aon leis an gcostas cuí, más mian leat páirt a ghlacadh sa Scéim Leabhair ar Cíos. Ba chóir an t-airgead a bheith íoctha faoin gCéadaoin, 29 Meitheamh. Ba chóir seiceanna a bheith iníoctha le "Comhairle na dTuismitheoirí, Scoil Náisiúnta an Chuilinn".

**Máire Ní Riain, Príomhoide**

✂----------

**Scoil Náisiúnta an Chuilinn – Scéim Leabhair ar Cíos**

Léigh mé agus aontaím leis na socruithe maidir le bheith páirteach sa Scéim Leabhair ar Cíos. Is mian liom mo leanbh a bheith páirteach sa scéim don bhliain 2012-13

| | |
|---|---|
| Ainm an dalta | |
| Rang (2012-13) | |
| Ainm an mhúinteora | |
| Táille iniata (cuir tic le do thoil) | ☐ Naíonáin – Rang a hAon €10 ☐ Rang a Dó – Rang a Sé €20 |
| Sínithe (tuismitheoir/ caomhnóir) | |

## Aguisín D

## Polasaí samplach do scéim leabhair scoile ar cíos – iar-bhunscoil

**Coláiste Pobail na Darach**

**Scéim Leabhair Scoile ar Cíos**

### Aidhm

Go gcuidítear le gach scoláire téacsleabhair a bheith acu ar íoschostas dá dtuismitheoirí

### Cúlra

Sna 1980í cuireadh scéim leabhair ar cíos ar bun in ár scoil agus leanann an scéim seo ó shin. Ar dtús, cuireadh líon beag gnáth-théacsleabhar ar fáil sa scéim. Le himeacht ama, le forbairt churaclaim agus le méadú ar rollú na scoláirí, tá forbairt tagtha ar scéim níos cuimsithí. Leanann gach scoláire ag baint leasa as an scéim.

### An cleachtas faoi láthair

Cuirtear in iúl do thuismitheoirí i mí Márta/Aibreáin faoi chostas an chíosa /na dtáillí don bhliain a bhíonn le teacht. Cuirtear in iúl do thuismitheoirí na scoláirí a bhíonn ag teacht go nua chun na scoile nuair a bhíonn áit á ofráil dóibh (Nollaig/Eanáir). Ar dtús bhíodh an t-airgead le híoc go luath i mí Mheán Fómhair ach ó 2010 d'íoc na scoláirí i mí Bealtaine roimh thús na scoilbhliana. Táthar ag tabhairt faoin bpróiseas seo a leathnú chuig gach bliainghrúpa chun a chur ar chumas na scoile leabhair a aimsiú, a cheannach agus a phróiseáil roimh thús na scoilbhliana.

### Táillí Bliantúla

Scoláirí na sraithe sóisearaí - €100
An Idirbhliain - €80
An Ardteistiméireacht Fheidhmeach - €40
An Ardteistiméireacht Thraidisiúnta - €120

- Uaschostas Teaghlaigh ar a n-áirítear costais scoile eile - €270
- Déantar an deontas bliantúil ón Roinn Oideachais agus Scileanna/Coiste Gairmoideachais (ROS/CGO) áitiúil a dháileadh trasna na scoile agus clúdaíonn sé an t-easnamh ó theaghlaigh nach bhfuil ar a gcumas íoc
- Bíonn sé mar rogha ag tuismitheoirí íoc i dtráthchodanna

### Nós imeachta

- Tagann grúpaí múinteoirí na n-ábhar le chéile i Márta/Aibreán chun cinneadh a dhéanamh faoi riachtanais na dtéacsleabhar don bhliain atá le teacht. Baintear úsáid, más féidir, as na téacsleabhair atá ar fáil cheana.
- Tugtar liosta deiridh gach bliainghrúpa/ábhar don phríomhoide roimh dheireadh mhí na Bealtaine
- Ionas go bhfeidhmeoidh an córas seo go héifeachtach agus go héifeachtúil caithfidh an scoil comhdhéanamh na ngrúpaí ábhar a bheith acu faoi lár na Bealtaine gach bliain
- Tugann scoláirí Bhliain a Trí, na hIdirbhliana agus Bhliain a Sé na téacsanna uile ar ais ag deireadh na Scrúduithe Stát/bliana

- Ní thugann scoláirí Bhliain a hAon, Bhliain a Dó ná Bhliain a Cúig a dtéacsanna ar ais i mí Bealtaine

**Ceannach na leabhar**

- Ceannaítear na leabhair, más féidir, ó sholáthraí amháin, de réir na nósanna imeachta don soláthar ag an CGO áitiúil

**Cothabháil**

- Déantar scoláirí a spreagadh chun cúram ceart a ghlacadh de na téacsanna a bhíonn tugtha ar iasacht dóibh ag an scoil

- Déantar stocáireamh go bliantúil ar na leabhair uile agus déantar monatóireacht ar dhreach na leabhar. Ag an bpointe seo déanann pearsanra na leabhar ar cíos (PLC) cinneadh i gcomhpháirt leis na múinteoirí ábhar agus leis an bpríomhoide, faoi cháilíocht stoc aon téacs ar leith, an bhfuil an sé sách maith le hatheisiúint. Munar féidir é a úsáid arís cuirtear don athchúrsáil é

- Ó 2009 i leith tá barrachód curtha ar gach téacs nua ag baint úsáide as pasáiste ríomhaire do leabhair ar cíos. Déantar téacsleabhair gach scoláire a chlárú ar an gcóras. Déantar gach téacs nua a chlúdach ag baint úsáide as clúdach plaisteach marthanach

**Dáileadh na leabhar**

- Faigheann na múinteoirí ábhar na leabhair dá ranganna trí bhileog ordaithe a chomhlánú a chuirtear ar aghaidh chuig an PLC don phróiseáil. Tagann sraith lipéid ghreamaitheacha le hainm gach scoláire leis an bhfoirm iarratais

- Déanann an PLC na leabhair a dháileadh tar éis iad a chomhaireamh, a scanadh agus a sheiceáil. Bailíonn an múinteoir iad ón leabharlann agus dáiltear iad ar an rang

**Na leabhair ag teacht ar ais**

- Déantar na leabhair a scanadh ar ais sa chóras nuair a bhíonn na scoláirí críochnaithe leo

- Muna dtugtar na leabhair ar ais leanann an PLC an scéal

- Leagtar costas leabhair a bhíonn caillte/lotaithe go dona ar an scoláire /na tuismitheoirí

**Cothabháil na leabhar**

- Bíonn na scoláirí freagrach as gach leabhar a thugtar dóibh ar scoil. Cé gur leis an scoil gach téacsleabhar, caithfidh scoláirí iad a láimhseáil go cúramach. Tá tiomantas dá leithéid seo mar chuid de Chód Iompair na Scoile a bhíonn sínithe ag scoláirí agus tuismitheoirí

- Bíonn ról rí-thábhachtach ag múinteoirí ábhar cúram agus dreach na leabhar a dheimhniú.

**Nóta**

- Ní chuirtear leabhair saothair ná scrúdpháipéir ar fáil sa scéim.

## Aguisín E

## Sraith shamplach cuntas don bhunscoil

| | (1) Líon téacsleabhar ag gach leanbh | (2) Costas téacsleabhar ar gach leanbh | (3) Líon Daltaí sa Rang | (4) Costas iomlán na dtéacsleabhar don rang | (5) Costas ar gach leanbh do chlúdaigh leabhar | (6) Costas iomlán na gclúdach do rang | (7) Costas iomlán ar gach rang | (8) Teacht isteach in aghaidh na bliana |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Rang I | 7 | €43.60 | 28 | €1,220.80 | €5.95 | €166.60 | **€1,387.40** | €588.00 |
| Rang II | 10 | €75.75 | 28 | €2,121.00 | €8.50 | €238.00 | **€2,359.00** | €588.00 |
| Rang III | 11 | €98.45 | 28 | €2,756.60 | €9.35 | €261.80 | **€3,018.40** | €588.00 |
| Rang IV | 14 | €119.70 | 28 | €3,351.60 | €11.90 | €333.20 | **€3,684.80** | €588.00 |
| Rang V | 12 | €114.94 | 28 | €3,218.32 | €10.20 | €285.60 | **€3,503.92** | €588.00 |
| Rang VI | 11 | €102.45 | 28 | €2,868.60 | €9.35 | €261.80 | **€3,130.40** | €588.00 |
| Iomláin | | **€554.89** | **168** | **€15,536.92** | | **€1,547.00** | **€17,083.92** | **€3,528.00** |

Tugann an tábla thuas coimriú ar na costais a bhain le scéim leabhair ar cíos a bhunú agus a chothabháil in aon scoil amháin do dhaltaí ó ranganna a haon go dtí a sé. Bhí na costais do shraith téacsleabhar ó €43.60 i rang a haon go €119.70 i rang a ceathair [Féach colún (2)]. Le meánmhéid 28 i ngach rang, ba é luach iomlán na dtéacsleabhar ná €15,536.92 [Colún (4)]. Chuir costas riachtanach na gclúdach do mharthanacht na dtéacsleabhar €1,547 [Colún (6)] breise leis an gcostas, rud a thug an infheistíocht iomlán go €17,083.92 [Colún(7)]. Fuair an scoil €1,848 in aghaidh na bliana mar dheontas leabhar ón Roinn Oideachais agus Scileanna [168 dalta @ €11 do gach dalta] agus bhí costas €10 ar gach dalta a thug teacht isteach €588 do gach rang nó €3,528 do na daltaí go léir. Lena leithéid de theacht isteach, beidh gá le marthanacht thart ar cúig bliana do gach téacsleabhar chun cóimheá airgid a bhaint amach sa scéim.

## Aguisín F

## Sraith shamplach cuntas don iar-bhunscoil (scoil neamh-*DEIS*)

| | (1) Líon téacsleabhar ag gach dalta | (2) CCostas téacsleabhar ar gach scoláire | (3) An líon scoláire sa bhliain-ghrúpa | (4) Costas iomlán téacsleabhar don rang | (5) Costas ar gach scoláire do chlúdaigh leabhar | (6) Costas iomlán na gclúdach do gach bliainghrúpa | (7) Costas iomlán do gach bliainghrúpa | (8) Teacht isteach in aghaidh na bliana (cíos agus deontas) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Chéad Bhliain | 13 | €341.00 | 154 | €52,514.00 | €13.00 | €2,002.00 | **€54,516.00** | €14,476.00 |
| An Dara Bhliain | 14 | €352.00 | 150 | €52,800.00 | €14.00 | €2,100.00 | **€54,900.00** | €14,100.00 |
| An Tríú Bliain | 14 | €352.00 | 144 | €50,688.00 | €14.00 | €2,016.00 | **€52,704.00** | €13,536.00 |
| An Idirbhliain | 3 | €75.00 | 88 | €6,600.00 | €3.00 | €264.00 | **€6,864.00** | €3,960.00 |
| An Cúigiú Bliain | 9 | €270.00 | 125 | €33,750.00 | €9.00 | €1,125.00 | **€34,875.00** | €10,875.00 |
| An Séú Bliain | 9 | €270.00 | 108 | €29,160.00 | €9.00 | €972.00 | **€30,132.00** | €9,396.00 |
| Iomláin | | **€1,660.00** | **769** | **€225,512.00** | | **€8,479.00** | **€233,991.00** | **€66,343.00** |

Tugann an tábla thuas coimriú ar na costais a bhain le scéim leabhair ar cíos a bhunú agus a chothabháil in aon iar-bhunscoil amháin do scoláirí ó bhliain a haon go bliain a sé. Bhí na costais do shraith téacsleabhar ó €75 san Idirbhliain go €352 sa tríú bliain [Féach colún (2)]. Ba é luach iomlán na dtéacsleabhar ná €225,512 [Colún (4)]. Chuir costas riachtanach na gclúdach do mharthanacht na dtéacsleabhar €8,479 [Colún (6)] breise leis an gcostas, rud a thug an infheistíocht iomlán go €233,991 [Colún(7)]. Fuair an scoil €18,456 in aghaidh na bliana mar dheontas leabhar ón Roinn Oideachais agus Scileanna [769 scoláirí @ €24 do gach scoláire] agus bhí costas €70 ar gach scoláire sa tsraith shóisearach agus €7 ar gach leabhar sa tsraith shinsearach rud a thug teacht isteach €47,887 don chíos ó na scoláirí go léir. Le teacht isteach iomlán €66,343 [Column (8)], beidh gá le marthanacht thart ar 4 bliana do gach téacsleabhar chun cóimheá airgid a bhaint amach sa scéim.

## Aguisín G

## Sraith shamplach cuntas don iar-bhunscoil (scoil DEIS)

| IONCAM | | | | | CAITEACHAS | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **(1) Bliain** | **(2) Líon scoláirí** | **(3) Costas an chíosa** | **(4) Líon scoláirí** | **(5) Ioncam** | **(7)** | **(8) Caiteachas** |
| An Chéad Bhliain | 67 | Muirear iomlán=€90 | 33 | 2,970 | Téacsleabhair breise nua agus ionaid a cheannach | 21,170 |
| | | Muirear Laghdaithe=€60 | 34 | 2,040 | Clúdaigh leabhar | 1,148 |
| An Dara Bliain | 76 | Muirear iomlán=€90 | 43 | 3,870 | Deisithe ar leabhair | 1,000 |
| | | Muirear Laghdaithe=€60 | 33 | 1,980 | Innil do chlúdaigh leabhar | 2,230 |
| An Tríú Bliain | 71 | Muirear iomlán=€90 | 31 | 2,790 | Córas rianaithe leabhar agus ceadúnas | 800 |
| | | Muirear Laghdaithe=€60 | 40 | 2,400 | Dialanna scoile | 2,403 |
| An Idirbhliain | 71 | Níl san áireamh sa scéim leabhar ar cíos | | 0 | Leabhráin agus ábhair do scoláirí | 3,090 |
| An Cúigiú Bliain | 63 | Muirear iomlán=€80 | 45 | 3,600 | Costais ilghnéitheacha | 500 |
| | | Muirear Laghdaithe=€50 | 18 | 900 | | |
| An Séú Bliain | 43 | Muirear iomlán=€80 | 26 | 2,080 | | |
| | | Muirear Laghdaithe=€50 | 17 | 850 | | |
| Fo-iomláin | 391 | | | 23,480 | | |
| | | | | | | |
| **(6) Ioncam eile** | | | | | | |
| Deontais ROS 391 dalta @€39 | | | | 15,249 | | |
| Barrachas san iarmhéid ón bhliain roimhe sin tugtha chun cinn | | | | 4,000 | | |
| **Caiteachas iomlán** | | | | **42,729** | **Caiteachas iomlán** | **32,341** |

## COIMRIÚ (9)

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Caiteachas iomlán** | **42,729** | **Caiteachas iomlán** | **32,341** |
| | | **Barrachas sa teacht isteach thar chaiteachas** | **10,388** |
| | **42,729** | | **42,729** |

Tugann an tábla thuas léargas ar scéim do leabhair ar cíos in iar-bhunscoil *DEIS* do scoilbhliain amháin. Tá an scéim ag feidhmiú le roinnt blianta anuas.

Feidhmíonn an scéim do leabhair ar cíos don uile bhliainghrúpa seachas an Idirbhliain [féach colúin (1) agus (2)]. Tá sé socraithe ag an scoil gan an scéim do leabhair ar cíos a chur ar fáil don Idirbhliain mar creidtear go mbíonn an t-éileamh ar théacsleabhair níos lú agus nach féidir raon na dtéacsleabhar a thuar ar an mbealach céanna sa bhlain seo.

Tá cinneadh déanta ag an scoil leibhéil éagsúla de chostas cíosa a éileamh. Is é an gnáthchostas bliantúil sa tsraith shóisearach ná €90 agus €80 sa tsraith shinsearach. Baineann costais laghdaithe le scoláirí a bhfuil sé mar thuairim ag an scoil go bhfuil tacaíochtaí breise de dhíth orthu – €60 sa tsraith shóisearach agus €50 sa tsraith shinsearach [féach colúin (3) agus (4)].

Is é an morchiste iomlán atá ar fáil ná €42,729, tagtha ó chostais cíosa, deontais ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus an barrachas tugtha chun cinn ón bhliain roimhe sin [féach colún (5) agus cuid (6)].

Tá an caiteachas iomlán le feiceáil ar dheis [féach colúin (7) agus (8)]. Baineadh úsáid as €21,170 chun sraitheanna leabhar nua a cheannach agus chun stoc lotaithe nó nach féidir a úsáid a athsholáthar. Ba mhórchostais freisin iad na clúdaigh agus an t-innealra.

Sa choimriú [féach cuid (9)] léirítear go raibh barrachas €10,388 ag an scéim le tabhairt ar aghaidh don scoilbhliain dar gcionn. Bhí an scoil ag ceapadh go n-úsáidfí cuid den bharrachas d'athsholáthar an innealra do chlúdach na leabhar agus formhór an choda eile do stoc nua.

## Aguisín H
## Cód Cleachtais Chumann Foilsitheoirí Oideachais na hÉireann

Tá príomhfhoilsitheoirí oideachais in Éirinn comhaontaithe ar Chód Cleachtais a chur i bhfeidhm, agus é mar chuspóir ag an gcód costais téacsleabhar a laghdú do thuismitheoirí agus do scoileanna, mar seo a leanas:

- Ní dhéanfaidh foilsitheoirí aon téacsleabhar a leasú laistigh de thréimhse ceithre bliana – ach amháin má bhíonn athrú ar an gcuraclam, ar scrúdú stáit, nó má tharlaíonn éileamh a bheith ag teacht ó mhúinteoirí dá leithéid

- Nuair a fhoilsítear leagan leasaithe de théacsleabhar, coimeádfar an sean-eagrán i gcló ar feadh dhá bhliain, ach amháin má thiteann an díolachán faoi bhun 500 cóip. Ciallaíonn sé seo go mbeidh eagrán nua de théacsleabhair ar fáil ar feadh sé bliana ar a laghad.

- Comhoibreoidh na foilsitheirí oideachais leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun scéim dearbhán téacsleabhar a fhorbairt a thacóidh le haon eagraíocht charthanachta.

- Lasmuigh dá dtiomantas eagráin a choimeád i gcló ar feadh sé bliana ar a laghad, comhoibreoidh na foilsitheoirí le scoileanna aonair nuair a bhíonn scéimeanna leabhair ar cíos á fhorbairt acu.

- Díreoidh foilsitheoirí ar an gcaidreamh a bhíonn acu le pobail scoile, le tuismitheoirí, agus le páirtithe leasmhara eile a fheabhsú.

Tá gealltanas tugtha ag na príomhfhoilsitheoirí oideachais don Aire Oideachais agus Scileanna go dtabharfaidh siad lascainí substaintiúla ar an mórchóir do scoileanna a cheannaíonn téacsleabhair le húsáid i scéimeanna do leabhair ar cíos.

Iúil 2011

## Nótaí buíochais agus tagairtí

Cooney/Carey Consultants, School Books in Ireland: Cost to Parents, Cooney/Carey (2003), ar fáil ar
http://www.dcya.gov.ie/docsdb/documents/des_school_books_ireland_cost_to_parents.pdf

Cumann Naomh Uinseann de Pól, www.svp.ie agus Barnardos, www.barnardos.ie don eolas a cuireadh ar fáil faoi chostais do leabhair scoile.

An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Bunleibhéal, www.npc.ie as dea-chleachtas i mbunscoileanna a shainscagadh.

An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí – Iar-Bhunleibhéal, www.npcpp.ie as cuidiú le scoileanna a bhfuil scéimeanna rathúla do leabhair ar cíos acu a aithint

Cumann Foilsitheoirí Oideachais na hÉireann don téacs aontaithe i gCód Cleachtais an chumainn

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, www.cogg.ie

Na bunscoileanna agus na hiar-bhunscoileanna a rinne cuairteanna scoile a éascú, cruinnithe a thionól idir bainistíochtaí scoileanna, comhordaitheoirí na scéimeanna do leabhair scoile ar cíos, agus cigirí, agus a chuir eolas úsáideach ar fáil do dhréachtú na dtreoirlínte seo.

- Coláiste Pobail Bhaile Adaim, Contae Bhaile Átha Cliath
- Pobalscoil Chábán tSíle, Contae Bhaile Átha Cliath
- Scoil Náisiúnta, Carn an Bhua, Contae Chill Mhantáin
- Coláiste Bhríde, Carn an Bhua, Contae Chill Mhantáin
- Meánscoil Mhainistir Thuaidh na Toirbhirte, Contae Corcaigh
- Meánscoil na Toirbhirte, Port Láirge
- Scoil Náisiúnta Rushbrooke, An Cóbh, Contae Chorcaí
- Scoil Chaoimhín Naofa, Glen Dá Loch, Contae Chill Mhantáin
- Scoil Náisiúnta Mhuire Naofa, Cill Táile, Contae na Mí
- Meánscoil Naomh Seosamh, Contae na hIarmhí

© An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2012
Arna fhoilsiú ag
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Sráid Maoilbhríde
Baile Átha Cliath 1